

# Ár Straitéis

Meán Fómhair 2021

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Clár na nÁbhar

**1. Réamhrá ón nGobharnóir** ........ **3**

Cé muid féin, cad a dhéanaimid & conas a dhéanaimid é. ........ 5

Ár Misean, Ár bhFís agus Ár bhFeidhmeanna Reachtúla........ 6

**2. Ár dTreo Straitéiseach** ........ **7**

Dírithe ar an Todhchaí........ 8

Oscailte & Rannpháirteach ........ 10

Bunathrú........ 11

Cosaint ........ 13

**3. Ár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh maidir le Cearta an Duine & Comhionannas** ........ **15**

**4. Conas a dhéanfaimid Dul Chun Cinn agus conas a dhéanamimid Faireachán air** ........ **17**

**5. Conas a d'Fhorbraíomar ár Straitéis** ........ **18**

Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara........ 18

Ag Faire ar an gComhthéacs Timpeallachta ........ 20

**Nóta eolais:** Comhlíonann an Straitéis seo ár gcuid oibleagáidí faoi alt 32B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 don tréimhse 2022-2024.

# 1. Réamhrá ón nGobharnóir

## “Is é leas an phobail i gcoitinne ár bpríomh-chuspóir buan”

Ní haon rud nua é athrú ar struchtúr geilleagar, ar spreagthaí na gníomhaíochta eacnamaíche nó ar chórais airgeadais. Ach is gné shuntasach de bhlianta tosaigh an chéid seo é luas géaraithe an athraithe. Sa lá atá inniu ann, bíonn daoine, caipiteal, trádáil agus smaointe idirnasctha go dlúth. Tá dlús tagtha faoi luas an athraithe agus is cosúil go leanfaidh sé sin.

Cuireann luas agus scála na n-athruithe teicneolaíochta deiseanna suntasacha ar fáil ach tá an méid céanna rioscaí ag baint leo freisin. Ní mór do Bhanc Ceannais na hÉireann leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh chun go mbeidh sé réidh chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Chuimhníomar air sin nuair a bhí ár Straitéis nua á ceapadh againn.

Ar go leor bealaí, tá uair na cinniúna buailte linn ó thaobh fhorbairt an Bhainc Ceannais.

Le deich mbliana anuas, leathnaíodh ár sainordú go mór agus déanaimid iarracht i gcónaí feabhas a chur ar ghnóthú an tsainordaithe sin. Chuige sin, b'éigean dúinn beartais nua a thabhairt isteach, athruithe a dhéanamh ar ár gcreataí, ár saineolas a neartú agus ár n-acmhainní a mhéadú ar bhealach comhfhreagrach, cuí.

Neartaíodh freisin an córas Eorpach - a bhfuil páirt thábhachtach againn ann - trí bhíthin sainorduithe nua agus acmhainní méadaithe.

Le deich mbliana anuas, bhí an Banc Ceannais dul i ngleic le hathruithe suntasacha gan choinne, go háirithe an ghéarchéim airgeadais dhomhanda, imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE agus, ó mhí an Mhárta 2020 i leith, paindéim COVID-19. Cuireann an Straitéis nua seo lena bhfuil bainte amach againn cheana féin ó thaobh athléimneacht airgeadais a neartú, cosaintí do thomhaltóirí agus d’infheisteoirí a fheabhsú, agus tacú le forbairt beartais eacnamaíoch.

Ní mór dúinn díriú anois ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn. Agus aghaidh á tabhairt againn ar an todhchaí, is eol dúinn nach féidir linn fanacht socair más mian linn ár bhFís a bhaint amach, is í sin: “Aon Bhanc Amháin: muinín ag an bpobal asainn, meas ag ár bpiaraí orainn, ionad oibre sásúil don fhoireann”.

I bhfianaise fhreagairt na foirne do na dúshláin éagsúla atá feicthe le deich mbliana anuas - agus go háirithe don phaindéim - tá muinín ag an gCoimisiún as cumas an Bhainc Ceannais na deiseanna atá leagtha amach inár Straitéis nua a thapú.



Sna deich mbliana atá amach romhainn, feicfear athrú mear ar gheilleagair an domhain agus ar an gcóras airgeadais, rud a bheidh á spreagadh ag an teicneolaíocht, ag sochaí atá ag dul in aois, agus ag an riachtanas chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus níos luaithe fós b'fhéidir, ag an aistriú chuig bealaí éagsúla oibre. Sa Bhanc Ceannais, beidh orainn dlús a chur le luas ár n-athraithe féin chun dul i ngleic leis na dúshláin agus chun freastal ar ionchais an phobail.

Ta todhchaí chasta, éiginnte os ár gcomhair amach ach tá deiseanna ann freisin. Sa Straitéis s'againne, aithnítear an comhthéacs atá ag teacht chun cinn agus aithnítear gur gá an chaoi ina mbímid ag obair agus ábhar na hoibre sin a athrú. Aithnítear freisin go bhfuilimid ag tógáil ar bhunchlocha láidre.

Agus ár Straitéis á ceapadh againn, ba threoirphrionsabal domsa frása ón Acht bunaidh lenar bunaíodh an Banc Ceannais in 1942. Déanann an frása sin athrá ar bhunreacht an Stáit nuair a deir sé gurb "é leas an phobail i gcoitinne is príomh-chuspóir buan" don Bhanc Ceannais.

Seasann na ceithre théama idirnasctha sa Straitéis (dírithe ar an todhchaí, oscailte & rannpháirteach, bunathrú agus cosaint) d'athnuachan agus d'athshuíomh chun a chinntiú go mbeidh ár dtreo agus ár n-uaillmhianta sna cúig bliana atá romhainn sofhreagrach agus réamhbhreathnaitheach.

**Dírithe ar an Todhchaí.** Tá an domhan ina mbímid ag feidhmiú ag athrú go mear. Tá an geilleagar, an córas airgeadais agus seirbhísí agus táirgí airgeadais ag athrú agus leanfaidh sé sin ar aghaidh sna blianta atá le teacht. Teastaíonn uainn a bheith réidh chun ár Misean a bhaint amach le linn na n-athruithe seo agus beidh orainn ár bhfócas, ár n-anailís agus ár gcreataí a athrú chuige sin.

**Oscailte & Rannpháirteach**. Is gá go n-athróimid freisin an bealach ina seolaimid ár rannpháirtíocht. Ciallaíonn luas mear an athraithe agus ionchais ár gcuid páirtithe leasmhara gur gá dúinn fanacht i ndlúth-theagmháil leo. Chuige sin, beidh orainn míniú a thabhairt ar a bhfuil agus nach bhfuil ar siúl againn. Agus beidh orainn éisteacht le daoine aonair agus gnóthaí (ní hamháin gnólachtaí rialáilte) ar fud na tíre sa chaoi go mbeimid ábalta na saincheisteanna atá rompu a thuiscint agus cuidiú leo na bearta atá á nglacadh againn féin mar fhreagairt do an saincheisteanna sin a thuiscint.

**Bunathrú.** I ndomhan atá ag athrú go mear, ní mór dúinn an chaoi ina mbímid ag feidhmiú a bhunathrú. Beidh orainn infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus in acmhainní nua chun go mbeimid níos sofhreagrúla, agus féachfaimid le feabhas a chur ar an mbealach ina mbímid ag obair chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le córas airgeadais athraitheach. Don bhunathrú sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh sé de chumas againn eolas a dhéanamh de shonraí agus na huirlisí cuí a thabhairt dár bhfoireann chun go mbeidh siad ábalta an t-eolas sin a úsáid go héifeachtach.

**Cosaint.** Beimid diongbháilte (ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe Eorpacha go háirithe) ó thaobh cobhsaíocht praghsanna agus cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine a choimeád ar bun, mar aon le rialáil éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar mhargaí airgeadais, á chinntiú lena linn sin go ndéanfar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Ar deireadh thiar, tá an Banc Ceannais tiomanta dá bhaill foirne, agus do scileanna, do chumas agus do thiomantas na mball foirne sin don obair a dhéanann siad ar mhaithe le leas an phobail. Tá an Coimisiún ag tnúth go mór le bheith ag obair in éineacht leo le linn dúinn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn agus ár Straitéis nua a bhaint amach.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir agus Cathaoirleach Choimisiún an Bhainc Ceannais
30 Meán Fómhair 2021

# **Cé** muid féin,
# **cad** a dhéanaimid,
# &
# **conas** a dhéanaimid é.

**Is muidne banc ceannais na hÉireann agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.**

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomhforfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

**Creidimid go diongbháilte** i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu**. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:

**Ionracas agus bá**, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;

**Misneach agus umhlaíocht,** sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;

**Obair foirne agus sármhaitheas,** sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann.**

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann.**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Ár Misean

**Freastalaímid ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint, á chinntiú ag an am céanna go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne**

# Ár bhFís

**Aon Bhanc Amháin: Muinín ag an bPobal asainn, Meas ag ár bPiaraí orainn, agus Ionad Oibre Sásúil dár bhFoireann.**

# Ár bhFeidhmeanna Reachtúla

### Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine.

### Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

### Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.

### Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margaí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

### Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Oibriú éifeachtach agus éifeachtúil córas íocaíochta agus socraíochta.

### Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch


Anailís agus tráchtaireacht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile a thugtar don Bhanc Ceannais le dlí a chomhall, lena n-áirítear: Oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí, an Chiste Cúitimh Árachais agus an Bhunachair Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh.



# 2. Ár dTreo Straitéiseach

Tá ár dtreo straitéiseach bunaithe ar cheithre théama nasctha.





# Dírithe ar an Todhchaí

## Cur chuige réamhbhreathnaitheach a ghlacadh – athruithe ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais a thuar agus freagairt go réamhghníomhach dóibh.

Tá sé riachtanach go mbeidh an Banc Ceannais **Dírithe ar an Todhchaí** chun go mbeidh sé ábalta tuiscint níos fearr a shealbhú ar na hathruithe forleathana atá ag tarlú sa tionscal seirbhísí airgeadais, na hathruithe sin a thuar agus é féin a oiriúnú chun dul i ngleic leo, agus béim ar leith á leagan ar nuálaíocht theicneolaíoch, ar an aistriú aeráide, ar athrú geopholaitiúil, agus ar fhorbairtí a éireoidh as paindéim COVID-19.

## A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. A bheith ag súil agus ag tacú le nuálaíocht sa bhaincéireacht cheannais agus sna seirbhísí airgeadais.
2. Athléimneacht an chórais airgeadais a neartú in aghaidh rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus cumas an chórais airgeadais chun aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a láidriú.
3. Soláthar rogha agus rochtana ar ionstraimí íocaíochta in Éirinn a chur chun cinn, íocaíochtaí airgid agus leictreonacha san áireamh.
4. Dul chun cinn a dhéanamh maidir le hanailís agus taighde ar shaincheisteanna eacnamaíocha agus airgeadais agus staidreamh nua, iontaofa, inrochtana a fhorbairt.

## Cén chuma atá ar an rath

**Beidh ár gcion déanta againn chun earnáil airgeadais nuálaíoch athléimneach a chothú in Éirinn a fhreastalóidh ar riachtanais teaghlach agus gnóthaí amach anseo.**

- Beidh an cumas cuí, an anailís chuí agus an cur chuige cuí maidir le measúnú riosca agus maoirseacht forbartha againn - rud a chuirfidh leis an nuálaíocht leanúnach sa teicneolaíocht agus i samhlacha gnó i réimse na seirbhísí airgeadais agus na baincéireachta ceannais.
- Beidh ról glactha againn i sainaithint agus i mbainistiú rioscaí don chóras airgeadais de thoradh thionchar an athraithe aeráide, agus beidh ár gcion déanta againn chun aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.
- Tacóimid le forbairt íocaíochtaí airgid agus leictreonacha chun rogha agus rochtain a bharrfheabhsú, trí bhearta beartais agus trí lárionad nua airgid de chuid an Bhainc Ceannais a chur ar fáil.

- Beidh tuiscint níos fearr againn ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais i gcomhréir lenár dtéamaí tosaíochta, agus beidh raon ár gcuid staidrimh leathnaithe againn chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí.



# Oscailte & Rannpháirteach

## Muinín as ról an Bhainc Ceannais agus tuiscint ar an ról sin a chothú trí rannpháirtíocht níos mó leis an bpobal, le páirtithe leasmhara agus le piaraí.

Trína bheith **Oscailte & Rannpháirteach**, tá béim á leagan againn ar an tosaíocht ríthábhachtach atá ag an mBanc Ceannais chun éisteacht lenár bpáirtithe leasmhara, agus chun idirphlé agus foghlaim a chothú, sa chaoi gur féidir linn cur leis an muinín atá sa chóras airgeadais agus chun tuiscint níos fearr ar ról an Bhainc Ceannais a chothú.

### A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Ár rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hÉireann a neartú trí idirphlé oscailte agus trí chaidreamh agus comhpháirtíochtaí a threisiú.
2. Tuiscint níos fearr a chothú ar ról an Bhainc Ceannais agus ar bhunús an róil sin.
3. Comhoibriú agus caidreamh a threisiú le bainc cheannais agus rialtóirí laistigh agus lasmuigh den limistéar euro.
4. Ár dtiomantas chun feidhmiú mar eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach go sóisialta a bhaint amach.

### Cén chuma atá ar an rath

**Beidh muinín an phobail as an mBanc Ceannais neartaithe againn trína bheith trédhearcach, cuntasach agus trí chluas a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara agus foghlaim uathu.**

- Beidh rannpháirtíocht againn le páirtithe leasmhara maidir lenár gcuid oibre agus cuspóirí beartais agus beidh feabhas curtha againn ar thuiscint na bpáirtithe leasmhara sin ar ár ról agus sainordú.
- Beidh feabhas curtha againn ar cheapadh beartas trí thuiscint níos fearr a fháil ar na dearcthaí éagsúla atá ag ár bpáirtithe leasmhara.
- Beimid ag comhoibriú le piaraí idirnáisiúnta chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais airgeadais agus airgeadaíochta agus chun iad a chur chun cinn.
- Beidh dul chun cinn déanta againn maidir lenár gcuspóirí inbhuanaitheachta eagraíochtúla agus beidh curtha againn leis an obair a bhíonn ar siúl againn leis na pobail áitiúla agus le gníomhaíochtaí deonacha.



# Bunathrú

## Ár mBanc a bhunathrú chun go mbeidh sé níos solúbtha, níos athléimní agus níos faisnéisbhunaithe.

Le **Bunathrú**, teastaíonn uainn athshamhlú uaillmhianach a dhéanamh ar an gcaoi ina mbíonn an eagraíocht ag oibriú, le béim ar leith ar éifeachtacht agus ar sholúbthacht bhreise, faoi shamhail nua hibrideach oibre. Chuige seo, tá ról lárnach ag sonraí agus ag an teicneolaíocht chun próisis éifeachtacha, éifeachtúla a spreagadh agus chun tacú le baill foirne a gcúraimí a bhaint amach. Cuidíonn téama an Bhunathraithe go mór leis an Straitéis fhoriomlán a bhaint amach.

## A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Samhail oibre a bhaint amach don todhchaí lena gcruthófar timpeallacht sholúbtha, chomhoibríoch, chomhtháite oibre dár mbaill foirne.
2. An chaoi ina n-úsáidimid sonraí agus anailísíocht a athrú chun ár n-éifeachtacht mar eagraíocht fhaisnéisbhunaithe a spreagadh.
3. Tairbhe a bhaint as an nuálaíocht inár modhanna oibre, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh san athrú teicneolaíoch agus oibríochtúil.
4. Leanúint dár mbainistíocht ar riosca airgeadais agus oibríochtúil agus ar athléimneacht a neartú.
5. Ár mbaill foirne a fhorbairt, ár struchtúir a fhorbairt agus ár n-acmhainní a fheabhsú chun a chinntiú go mbeidh siad oiriúnach don todhchaí.

## Cén chuma atá ar an rath

**Beidh ár n-éifeachtacht agus ár n-éifeachtúlacht feabhsaithe againn trí bhíthin ár gcuid infheistíochtaí straitéiseacha san eagraíocht.**

- Féachfaimid chuige go seasfaidh ár samhail oibre an aimsir chun barr feabhais a chur ar ár gcomhoibriú agus solúbthacht.
- Beidh na scileanna cuí, an cumas cuí agus na struchtúir chuí againn chun ár gcuid cuspóirí a bhaint amach i dtimpeallacht ina mbeidh comhoibriú rannpháirteach, ardspreagtha i réim.
- Beidh úsáid bainte againn as cumas an uathoibrithe agus an digitithe chun feabhas a chur ar an gcaoi ina mbímid ag obair.

- Beidh ár n-athléimneacht eagraíochtúil neartaithe againn i gcomhréir lenár bpróifíl athraitheach riosca.
- Beidh ár gcuid acmhainní sonraí seanbhunaithe agus beidh eolaíocht sonraí agus anailísíocht leabaithe againn mar acmhainn lárnach agus mar bhonn eolais don chaoi ina mbíonn ár bhfeidhmeanna reachtúla á mbaint amach againn agus an eagraíocht a reáchtáil againn.
- Rannchuideoidh ár n-infheistíochtaí straitéiseacha san eagraíocht le srian a choinneáil ar ár gcostais lárnacha oibríochtúla.



# Cosaint

## Leanúint dár bpríomhchreataí agus dár gcur chuige a fhorbairt sa chaoi go neartófar ár gcumas chun cobhsaíocht praghsanna agus athléimneacht an chórais airgeadais a choimeád ar bun, á chinntiú lena linn sin go ndéanfar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Le **Cosaint**, léirítear ár dtiomantas diongbháilte chun ceapadh, cur chun feidhme agus oibriú ár gcreataí lárnacha beartas agus maoirseachta a neartú. Is trí na creataí seo a bhainimid ár bhfeidhmeanna reachtúla amach.

### A dteastaíonn uainn a bhaint amach

1. Cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.
2. An creat macrastuamachta do na bainc, d'iasachtaithe agus do neamhbhainc a athbhreithniú agus a fhorbairt.
3. Dlús a chur faoin bhforbairt ar ár gcur chuige rioscabhunaithe maoirseachta sa chaoi go mbeidh sé níos sonraíbhunaithe, níos solúbtha agus níos inscálaithe.
4. An creat rialála agus ár bhforghníomhú maoirseachta a fheabhsú trí thosaíocht a thabhairt do na nithe seo: (a) leasanna tomhaltóirí, (b) rialachas, cuntasacht, iompraíocht agus iompar i ngnólachtaí, (c) athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil i ngnólachtaí, agus (d) comhlíonadh maidir le frithsciúradh airgid/comhrac in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta.
5. Leanúint dár n-acmhainní bainistíochta géarchéime a neartú agus a chinntiú go ngluaisfidh gnólachtaí rialáilte ábhartha i dtreo na hinréiteachta.

### Cén chuma atá ar an rath

**Go mbeidh feabhas curtha againn ar ghnóthú ár bhfeidhmeanna reachtúla chun tacú lenár Misean a bhaint amach.**

- Go mbeidh ról glactha againn i bhfoirmiú agus i gcur chun feidhme bhearta beartais airgeadaíochta an Eurochórais chun tacú le cobhsaíocht praghsanna.
- Go mbeidh na creataí macrastuamachta agus rialála forbartha againn mar fhreagairt d'fhorbairtí eacnamaíocha, rialála agus córais airgeadais, i gcomhar le piaraí Eorpacha agus domhanda.
- Trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála, lena n-áirítear ár mbearta beartais agus ár n-idirghabhálacha maoirseachta, go dtacófar le cobhsaíocht an chórais airgeadais, go neartófar

athléimneacht gnólachtaí, agus go bhfeabhsófar éifeachtacht an chórais airgeadais ó thaobh tacú leis an ngeilleagar agus freastal ar leasanna tomhaltóirí.

- Go gcumasóidh ár n-acmhainní bainistíochta géarchéime agus réitigh dúinn dul i ngleic go héifeachtach le teagmhais dhíobhálacha de réir mar a thagann siad chun cinn, agus le réiteach ordúil gnólachtaí.



# 3. Dualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine & Comhionannas

**Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, bunaítear 'Dualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas', lena gceanglaítear ar chomhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann:**

- An t-idirdhealú a dhíchur
- Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn
- Cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Le linn dúinn ár Straitéis a fhorbairt, bhreithníomar ár ról féin faoin Dualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas (Dualgas Earnála Poiblí), agus rinneamar measúnú ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha dár gcuspóir agus dár bhfeidhmeanna. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha maidir lenár gcuid oibleagáidí dualgais earnála poiblí mar bhonn eolais dúinn freisin.

Le linn dúinn ár Straitéis a bhaint amach, leanfaimid de chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus de chearta an duine atá ag ár bhfoireann agus na daoine dá soláthraímid seirbhísí a chosaint.

## Tabharfaidh an Banc Ceannais tús áite do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Leanfaimid dár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a bhreithniú, nuair is iomchuí, le linn dúinn ar mbeartais a fhorbairt agus cinnteoimid go rachfar i gcomhairle leis an bpobal.
2. Cuirfimid comhionannas agus cearta an duine chun cinn dár bhfoireann, rud a chinnteoidh go gcothóimid timpeallacht ionchuimsitheach ina n-éireoidh go maith lenár bhfoireann, agus go gceapfaimid beartais agus cleachtais ina gcuirfear riachtanais daoine san áireamh agus ina gcuirfear comhionannas deiseanna agus córa chun cinn dár bhfoireann.
3. Déanfaimid athbhreithniú ar riachtanais oiliúna na mball foirne go léir a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an bpobal maidir le comhionannas agus saincheisteanna eile a bhaineann le Dualgas Earnála Poiblí.

4 Nuair a bheidh ár gcuid saoráidí á bhforbairt againn, leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfreastalaítear ar na caighdeáin riachtanacha a bhaineann le rochtain fhisiciúil do dhaoine den phobal agus dár bhfoireann féin.

Déanfar forbairtí agus dul chun cinn i leith na ngníomhaíochtaí seo a thuairisciú gach bliain inár dTuarascáil Bhliantúil.



# 4. Conas a dhéanfaimid Dul Chun Cinn & Conas a dhéanaimid Faireachán air

**D'fhonn torthaí spriocdhírithe ár Straitéise a bhaint amach, beidh orainn leanúint dár n-acmhainní, rioscaí agus dár dtosaíochtaí a bhainistiú, de réir mar a dhéanfaimid ár mbealach sa timpeallacht chasta ina mbímid ag oibriú.**

Toisc go bhfuil ár Straitéis 'Dírithe ar an Todhchaí', cuirtear forbairtí san áireamh thar thréimhse trí bliana agus níos faide ná sin fiú, rud a thugann le fios go mbeidh tiomantais ilbhliantúla ag teastáil chun torthaí áirithe a bhaint amach agus chun go n-éascófar na gnéithe um 'Bunathrú' den chaoi ina gcuirfimid ár gcuid oibre i gcrích. Fad a bheimid tiomanta do na huaillmhianta fadtéarmacha seo, tá ár Straitéis ceaptha a chumasú dúinn freagairt do chomhthéacs oibriúcháin atá ag athrú, trí thosaíochtaí reatha agus sa todhcaí a chur san áireamh le linn dúinn a bheith 'Oscailte & Rannpháirteach'.

De riachtanas, beidh infheistíocht agus athrú mórscála ag teastáil le haghaidh gnéithe áirithe den Straitéis chun na torthaí spriocdhírithe a bhaint amach.  D'fhonn luas, seiceamhú agus idirspleáchas laistigh dár Straitéis a bhainistiú, coimeádfaimid dianphróisis ar bun maidir le rialachas, pleanáil, acmhainní, seachadadh agus tuairisciú ár spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla. I gcás ina mbeidh infheistíochtaí ag teastáil chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, leanfaimid orainn ag cinntiú go gcuirfear tosca luach ar airgead san áireamh, le béim ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, agus ar chumas feabhsaithe.

D'fhonn tacú le trédhearcacht agus cuntasacht le linn dúinn ár Straitéis a bhaint amach, leanfaimid orainn ag úsáid agus ag feabhsú ár gcreata reatha inmheánaigh maidir leis an Straitéis a Chur Chun Feidhme agus Faireachán a dhéanamh uirthi. Is tríd an gcreat sin a dhéanfaidh ceannairí an Bhainc Ceannais agus Coimisiún an Bhainc Ceannais measúnú agus athbhreithniú rialta ar stádas ár gcuspóirí straitéiseacha agus ar na hacmhainní a úsáidfear chun iad a bhaint amach. Inár Straitéis, leagtar béim mhór ar bhearta sonracha a fhorbairt chun faireachán níos dírí a dhéanamh ar ghnóthú torthaí spriocdhírithe.

Tuairiscíonn an Banc Ceannais ina Thuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta ar a fheidhmíocht bhliantúil maidir le gach gné dá chuid oibre. Leis an bhfoilseachán sin, bíonn páirtithe leasmhara ábalta measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn ó thaobh na spriocanna straitéiseacha agus torthaí spriocdhírithe a bhaint amach.



# 5. Conas a d'fhorbraíomar ár Straitéis

## Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara

**Le linn dúinn ár Straitéis a fhorbairt, chuamar i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara chun a gcuid tuairimí a fháil maidir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Rinneamar mionscrúdú freisin ar na treochtaí timpeallachta atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, ar dóigh dóibh tionchar a bheith acu ar ghnóthú ár Misin sna cúig bliana atá romhainn.**

### Ár bPáirtithe Leasmhara Seachtracha

Chuamar i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha trí phróiseas rannpháirtíochta poiblí ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais. Iarradh ar dhaoine den phobal, mar aon le baill tionscail agus grúpaí abhcóideachta de chuid na sochaí sibhialta, a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le Straitéis an Bhainc Ceannais don todhchaí.

Bhuaileamar leis an nGrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí[1] chun comhairle a fháil uatha maidir lenar cheart a chur san áireamh i bhforbairt na Straitéise seo, go háirithe i dtaca leis na héifeachtaí a bheadh ag an Straitéis ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Chomh maith leis sin, bhuaileamar le baill de Ghrúpa Comhchéime na Sochaí Sibhialta[2] chun a gcuid dearcthaí a fháil.

[1] Is grúpa comhairleach foirmiúil é an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí a bunaíodh faoi alt 18E d'Acht an Bhainc Cheannais 1942. Is é ról CGT comhairle a thabhairt don Bhanc Ceannais maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus feidhmiú a chuid cumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

1. Éifeachtaí Phleananna Straitéiseacha an Bhainc Ceannais ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais;
2. Tionscsnaimh a fhéachann le cosaint do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais a fheabhsú tuilleadh; agus
3. Má iarrann an Banc Ceannais amhlaidh, doiciméid, páipéir chomhairliúcháin nó ábhair eile arna n-ullmhú ag an mBanc Ceannais

[2] Is ionann Cruinniú Comhchéime na Sochaí Sibhialta agus fóram le haghaidh plé idir ardcheannaireacht an Bhainc Ceannais agus ionadaithe ó raon leathan grúpaí pobail, grúpaí deonacha agus grúpaí ón tsochaí shibhialta. Cuimsíonn sé eagraíochtaí náisiúnta a bhíonn ag obair thar raon réimsí éagsúla, lena n-áirítear ceartas sóisialta, tithíocht agus easpa dídine, cearta an duine agus cearta dlíthiúla, saincheisteanna tuaithe, cearta oibrithe (ceardchumainn) agus cearta daoine aosta. Is fóram éisteachta é agus deis chun foghlaim faoi na dúshláin agus deiseanna atá ann do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a mhéid a bhaineann siad le sainordú an Bhainc Ceannais.

## Ár bPáirtithe Leasmhara Inmheánacha

Lorgaíomar tuairimí ár mball foirne agus ár gceannairí trí bhíthin suirbhé foirne, seisiúin rannpháirtíochta agus grúpaí fócais.  Tugadh faoi rannpháirtíocht le hionadaithe foirne agus le grúpaí leasmhara freisin, amhail an Grúpa Oibre inmheánach ar Éagsúlacht agus Iomchuimsiú agus an Grúpa Oibre ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach.

## An t-aiseolas a fuarthas

Fuarthas aiseolas fairsing, léargasach ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar éifeachtacht ár gcreataí rialála agus maoirseachta i gcomhthéacs leasanna thomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint. De bhreis air sin, leag na páirtithe leasmhara béim ar an tábhacht a bhaineann leis na hiarrachtaí leanúnacha chun athléimneacht chóras airgeadais na hÉireann a neartú agus feidhmiú rianúil mhargaí seirbhísí airgeadais a láidriú. Sonraíodh san aiseolas freisin gur gá dúinn leanúint den rannpháirtíocht i réimsí beartais a mbaineann tábhacht ar leith leo d'Éirinn agus leanúint de thionchar a imirt in Éirinn agus thar lear ar na réimsí beartais sin. Leagadh béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le cuspóir agus luach ár róil do mhuintir na hÉireann a chur in iúl agus a léiriú.

Ar na réimsí fócais inmheánacha, áirítear freagrúlacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht oibríochtúil a chumasú i ngnóthú ár sainordaithe mar aon le cultúr cumasaithe an scothchleachtais, na nuálaíochta agus an iomchuimsithe a chur chun cinn sa Bhanc Ceannais.

Rinneadh an t-aiseolas a fuarthas ónár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a bhailiú, a anailísiú agus a chur san áireamh sa phróiseas forbartha straitéise, agus baineadh leas as mar bhonn eolais chun na téamaí agus spriocanna straitéiseacha a chuirtear in iúl sa Straitéis seo a aithint. Táimid buíoch do gach duine a chuir a gcuid tuairimí in iúl dúinn maidir lenár Straitéis.

## Ár dTreo Straitéiseach a leagan amach

Tá an treo straitéiseach leagtha amach ag Coimisiún an Bhainc Ceannais agus is é an Coimisiún atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise seo.

Chun a chinntiú go mbeidh ár Straitéis solúbtha agus go rachaidh sí in oiriúint don timpeallacht sheachtrach agus don chomhthéacs oibríochtúil, leanfaimid d'athbhreithniú agus d'oiriúnú a dhéanamh ar ár Straitéis de réir mar is cuí, agus leanfaimid de thuairimí ár bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh thar thréimhse na Straitéise seo.

# Ag Faire ar an gComhthéacs Timpeallachta

**Chun a chinntiú go mbeidh ár dtreo straitéiseach agus ár n-uaillmhianta straitéiseacha sofhreagrach agus réamhbhreathnaitheach, chuireamar san áireamh na tosca éagsúla ar dóigh dóibh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht reatha ina bhfuilimd ag obair agus ar an timpeallacht atá ag teacht chun cinn. Ar an gcaoi sin, d'aithníomar na tosca seo a leanas mar thosca a mbaineann tábhacht ar leith leo i dtaca le forbairt ár Straitéise.**



Tá athrú agus cur isteach nach bhfacthas riamh cheana ag teacht ar shamhlacha gnó traidisiúnta agus ar mhargaí seirbhísí airgeadais, rud atá á spreagadh ag luas agus scála na nuálaíochta teicneolaíochta.



Cruthaíonn athruithe ar chaidreamh trádála domhanda, ar phátrúin fáis eacnamaíoch agus ar dhéimeagrafaic, timpeallacht dhúshlánach idirnáisiúnta.



Beidh tionchar ar an ngeilleagar agus ar an gcóras airgeadais ag iarrachtaí chun impleachtaí fadtéarmacha an athraithe aeráide a mhaolú.



Ciallaíonn domhandú seirbhísí agus margaí airgeadais go bhfuil beartas rialála agus institiúidí ag oibriú níos mó ná riamh ar bhonn réigiúnach agus idirnáisiúnta.



Beidh tionchar fadtéarmach leathan sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil ag Paindéim COVID-19.



Tá na bagairtí sofaisticiúla don chóras airgeadais ó ghníomhairí coiriúla ag síorfhorbairt, go háirithe i réimsí na cibearshlándála, an fhrithsciúrtha airgid, agus na coireachta airgeadais.




Tá muinín in institiúidí poiblí, ar nós bainc cheannais, an-íseal, rud a chiallaíonn gur gá béim ar leith a leagan ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár

**Straitéis**

déan teagmháil linn:

**T**: +353 (0)1 224 6000
**R**: enquiries@centralbank.ie
www.centralbank.ie




Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem